



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Plean Corparáideach 2019

Clár

01

Réamhrá

02

Fís, Misean, Luachanna

03

Plean Corparáideach 2019

Réamhrá

Seo an séú plean corparáideach ó bunaíodh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann i Samhain 2012, agus an chéad phlean ina ndírítear ar na tosaíochtaí agus ar na gníomhartha atá leagtha amach inár *Ráiteas Straitéise 2019-2021 – Breisluach a Chur le Cáilíochtaí*.

Tá raon leathan feidhmeanna reachtacha agus feidhmeanna eile le comhlíonadh againn maidir le cáilíochtaí agus dearbhú cáilíochta agus is léiriú ar an éagsúlacht sin an Plean Corparáideach. Measaimid go n-achtófar an Bille um Dhearbú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (Leasú) a bhronnfaidh feidhmeanna nua ar QQI.

Tá i gceist ag QQI ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh trí shláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí a mhéadú, a chur chun cinn agus a chosaint; trí anailísiú agus léiriú a dhéanamh ar thionchar na mbeart a rinneadh chun cáilíochtaí an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú; trí dhul i mbun oibre go straitéiseach lenár bpríomh-gheallsealbhóirí agus tríd ár gcumas inmheánach a mhéadú chun ár bhfeidhmíocht a bhuanú, a fheabhsú agus a chur in iúl. I dteannta a chéile, is iad seo na tosaíochtaí atá leagtha amach inár *Ráiteas Straitéise*.

Cuireann QQI béim shuntasach ar an gcaidreamh atá bainte amach againn le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, comhlachtaí gairmiúla agus rialála, soláthraithe, institiúidí agus comhlachtaí ionadacha foghlaimeoirí agus institiúidí. Táimid ag tnúth le dul i mbun oibre lenár ngeallsealbhóirí chun na gníomhaíochtaí atá leagtha amach inár bPlean Corparáideach 2019 a chomhlíonadh mar aon leis na tosaíochtaí agus na gníomhartha inár *Ráiteas Straitéise 2019-2021 - Luach a Chur le Cáilíochtaí a bhaint amach*.

Fís

Geallaimid dul i mbun oibre go fonnmhar agus le cuspóir i leith fhís d'Éirinn trína gcuirfear deiseanna ardchaighdeáin oideachais agus oiliúna ar fáil, a chumasóidh d'fhoghlaimeoirí gach gealladh atá fúthu a chomhlíonadh trí cháilíochtaí a bhaint amach a bhfuil meas orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Misean

Cothaíonn QQI muinín an phobail i gcaighdeán an oideachais agus na hoiliúna, iontaobh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus feabhsú leanúnach ar sholáthraithe oideachais agus oiliúna.

Luachanna

Is iad luachanna soiléire agus na cineálacha iompair a ghabhann leo a rialaíonn ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus an tslí a n-oibrímid lenár gcomhpháirtithe.

Creidimid go bhfuil **freagracht i bpáirt** againn le grúpaí eile chun muinín i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna agus feabhsúchán leanúnach iontu a chinntiú. Creidimid gurb é an tslí is féidir lenár spriocanna agus ár gcuspóirí a chomhlíonadh ná dul i mbun oibre ar shlí chomhoibritheach chuiditheach leis na geallsealbhóirí agus na soláthraithe éagsúla atá i gceist. Is mór againn iarrachtaí comhoibritheacha ar mhaithe le leas frithpháirteach.

Geallaimid dul i mbun oibre le **hoibiachtúlacht agus le trédhearcacht**. Is é seo an bonn lenár gcinnteoireacht, ár mbeartais, ár nósanna imeachta agus ár ngníomhaíochtaí. Bunaítear iad ar fhianaise, agus ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus seoltar iad ar shlí atá trédhearcach agus trína gothaítear muinín.

Geallaimid difear a dhéanamh dár gcomhpháirtithe, dár soláthraithe agus dár bhfoireann. Is mór againn **an ghnóth-achtáil agus an tionchar** - an tslí a gcomhlíontar spriocanna agus cuspóirí as a leanann tionchar dearfach substaintiúil ar ár dtimpeallacht oibre.

Táimid tiománta don fhoghlaim agus don nuálaíocht inár n-eagraíocht ar mhaithe lenár seirbhísí a fheabhsú go leanúnach.

Plean Corparáideach 2019

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2019-2021 tosaíochtaí agus príomhghníomhartha na heagraíochta is gá chun muinín a chothú i gcáilíocht an oideachais agus na hoiliúna in Éirinn, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus na táscairí a úsáidfear chun ár dtionchar a thomhais. Díritear sna tosaíochtaí seo ar shláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí, Anailís agus Tionchar; Comhoibriú agus Rannpháirtíocht; agus Cumas Eagraíochtúil. Aithnítear inár bPlean Corparáideach 2019 na gníomhaíochtaí a chuirfear i gcrích i mbliana a chabhróidh linn ár dtosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh.

Tosaíocht Straitéiseach 1 Sláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chosaint		Gníomhaíocht	Críochdháta
a.	Rialóimid an teacht ar an CNC atá ag forais cháiliúcháin agus cáilíochtaí agus déanfaimid an CNC a fhorbairt agus a chur chun cinn in Éirinn mar ghné lárnach de chóras solúbtha freagrúil cáilíochtaí atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta	<p>Scéim reachtúil a bhunú chun dámhachtainí a chur san áireamh sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC)</p> <p>Tús a chur le hath-thagairt an CNC leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF).</p>	<p>Tús feidhme na reachtaíochta (+ 6 mhí)</p> <p>R2</p>
b.	Déanfaimid ár gcóras caighdeán agus dámhachtainí a athrú chun éifeachta chun gur féidir le soláthraithe cláir oideachais agus oiliúna atá solúbtha, freagrúil agus tagarmharcáilte go náisiúnta a chur ar fáil, cláir as a leanfaidh dámhachtainí QQI	<p>Páipéar Glas ar Cháilíochtaí a fhoilsiú</p> <p>Dul i gcomhairle le geallsealbhoirí ar an gcur chuige amach a bhéas againn</p> <p>Torthaí staidéar ar ról na gcáilíochtaí i gcúrsaí earcaíochta a fhoilsiú</p> <p>Dul chun cinn a dhéanamh chun caighdeán ghinearálta a cheapadh ar leibhéal 1-4 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (agus treoirlínte maidir lena n-úsáid) sna fearainn seo a leanas:</p> <p>Croí-Inniúlachtaí; Eolaíocht, Gairneoireacht agus Talmhaíocht; Foirgníocht agus Innealtóireacht; Mínealaíona, Ceirdeanna agus Dearaidh; Fáilteachas agus Seirbhísí Pearsanta; Teanga; Miondíol, Riarachán agus Obair Oifige; Cúram agus Obair Pobail agus TFC</p> <p>Caighdeán Luathfhoghlama agus Cúraim ar leibhéal 5-6 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a fhoilsiú</p> <p>Leagan comhairliúcháin</p> <p>Leagan deiridh</p>	<p>R2</p> <p>R4</p> <p>R1</p> <p>R4</p> <p>R1</p> <p>R3</p>

Tosaíocht Straitéiseach 1		Gníomhaíocht	Críochdháta
c.	Rialóimid an teacht ar dhámhachtainí an QQI i measc soláthraithe príobháideacha oideachais agus oiliúna agus cuirfear slándáil ar fáil dá bhfoghlaimoirí trí chiste cosanta reachtúil d'fhoghlaimoirí a thabhairt isteach	Ciste cosanta reachtúil d'fhoghlaimoirí a bhunú Rialachán an aire maidir le dícheall cúí do sholáthraithe a chur i bhfeidhm	Tús feidhme na reachtaíochta (+ 6 mhí) Tús feidhme na reachtaíochta (+ 6 mhí)
d.	Údaróimid do sholáthraithe ardoideachais agus Mhúineadh an Bhéarla d'fhoghlaimoirí idirnáisiúnta an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a úsáid.	Cód cleachtais agus nósanna imeachta a fhoilsiú d'údarú an Mhairc Idirnáisiúnta Oideachais maidir le Múineadh an Bhéarla do sholáthraithe oideachais mhúineadh an Bhéarla Cód cleachtais agus nósanna imeachta maidir le húdarú an Mhairc Idirnáisiúnta Oideachais do sholáthraithe ardoideachais	Tús feidhme na reachtaíochta (+ 6 mhí) Tús feidhme na reachtaíochta (+ 6 mhí)
e.	Cuirfimid eolas cuimsitheach ar fáil agus aithneofar sinn mar ghuth údarásach ar sholáthar ardchaighdeán oideachais agus oiliúna agus ar na cáilíochtaí atá ar fáil in Éirinn	Launch the Irish Register of Qualifications (commencing with QQI awards) Publish 'Ten years of the NFQ to EQF referencing' Publish guide to New Zealand and Irish qualifications	R2 R2 R2

Tosaíocht Straitéiseach 2		Gníomhaíocht	Críochdháta
Úsáid a bhaint as ár suíomh uathúil mar ghníomhaireacht a dhéanann cúram de gach oideachas agus oiliúint iar-mheánscoile chun anailís agus léiriú a dhéanamh ar thionchar na mbeart atá déanta againn chun cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna a fheabhsú chun leas foghlaimoirí			
a.	Bainfear úsáid as ár meastóireachtaí neamhspleácha ar sholáthraithe agus ár dtaighde agus anailís ar mheastóireachtaí faoi threoir soláthraithe chun comhairle ardchaighdeán a chur ar fáil do dhéantóirí beartas agus do chisteoirí maidir le cáilíocht sa chóras oideachais agus oiliúna	Tuarascáil (cuid II) ar mheastóireacht a fhoilsiú de dearbhú clár faoi threoir soláthraithe i gcúrsaí ardoideachais Treoirlínte a fhoilsiú d'Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ar a hathbhreithniú ar sholáthraithe nasctha An tuarascáil dul chun cinn a fhoilsiú ar chur i bhfeidhm na bpleananna feabhsaithe cáilíochta in earnáil na mBord Oideachais agus Oilíúna Achoimre ar Thuarascáil Bhliantúil Cáilíochtúil Institiúideach a fhoilsiú	R3 R2 R3 R3

Tosaíocht Straitéiseach 2		Gníomhaíocht	Críochdháta
b.	Cuirfimid treoir ar fáil do sholáthraithe agus déanfaimid meastóireacht orthu chun breisiú cáilíochta sa soláthar oideachais agus oiliúna a spreagadh agus a chur chun cinn	<p>Anailís agus freagairt a chur ar fáil ar aiseolas comhairliúcháin maidir leis an bPáipéar Glas ar Mheasúnú</p> <p>Tar éis comhairliúcháin, lámhleabhar agus nósanna imeachta a cheapadh d'athbhreithnithe ar dhearbhú cáilíochta sna Boird Oideachais agus Oiliúna</p> <p>Athdheimhniú ballraíochta sa Chomhlachas Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas tar éis measúnú QQI</p>	<p>R3-4</p> <p>R3</p> <p>R3</p>
c.	Déanfaimid anailís agus tuairisciú dian ar thorthaí ár gcórais cháilíochtaí le go mbeidh siad mar bhonn eolais do chinnteoirí oideachais agus do chinnteoirí sa mhargadh saothair	<p>Na sonraí oscailte atá ar fáil ar an súiomh gréasáin a athbhreithniú</p> <p>Staidéar a fhoilsiú ar threochtaí agus ar fhorbairtí sa chleachtas deimhniúcháin</p>	<p>R2</p> <p>R3</p>

Tosaíocht Straitéiseach 3		Gníomhaíocht	Críochdháta
Tacú le córas ardchaighdeán oideachais agus oiliúna trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha atá tairbhiúil don dá thaobh			
a.	Déanfaimid ár ndícheall chun an beartas a chur ar bhonn fianaise agus chun tionchar a imirt air tríd an gcaidreamh a bhíonn againn leis an rialtas, le cisteoirí poiblí agus le geallsealbhóirí eile	<p>Straitéis chumarsáide a chur i ngníomh</p> <p>An chéad chéim eile den Mheamram Tuisceana maidir le teagmháil díreach leis an Údarás um Ardoideachas agus SOLAS a chur i bhfeidhm</p>	<p>R1</p> <p>R1-4</p>
b.	Comhoibreoimid le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, comhpháirtithe sóisialta agus comhlachtaí gairmiúla aitheantais chun go mbeidh beartas comhordaithe ann i leith riachtanais scile, rialacháin agus caighdeáin agus cáilíochtaí gaolmhara ceirde	<p>Fóram a óstáil le haghaidh comhlachtaí gairmiúla chun féachaint ar shineirge a d'fhéadfadh a bheith ann idir dearbhú cáilíochta agus creidiúnú gairmiúil</p> <p>Páipéir a fhoilsiú ar chreidiúnú gairmiúil agus ar aitheantas acadúil</p> <p>(i) Aimsiú fíricí (ii) Páipéar ar shaincheisteanna</p>	<p>R1</p> <p>(i) R1 (ii) R3</p>

Tosaíocht Straitéiseach 3	Gníomhaíocht	Críochdháta
<p>c. Oibreimid le soláthraithe agus forais cháiliúcháin chun freagracht i bpáirt as córas ardchaighdeáin oideachais agus oiliúna a chur chun cinn, córas a spreagann trédhearcacht agus feabhsúchán</p>	<p>Urróimid imeachtaí ag a bpléifear an tslí le cáilíocht a bhreisiú chun gur féidir le soláthraithe freagairt a thabhairt ar thrédhearcacht agus ar fheabhsúchán</p> <ul style="list-style-type: none"> • Comhdháil Printíseachta a óstáil <p>Tuarascáil a fhoilsiú ar phointí teagmhála le fostóirí, lucht tionscail agus na hearnálacha gnó</p>	<p>R1-4</p> <p>R2</p> <p>R4</p>
<p>d. Oibreimid le comhlachtaí ionadaithe d'fhoghlaimoirí chun dea-chleachtas a spreagadh i measc soláthraithe</p>	<p>Tacú le himeacht faoin gClár Náisiúnta Rannpháirtíochta do Mhic Léinn le haghaidh foghlaimoirí agus soláthraithe san earnáil ardoideachais agus oiliúna</p> <p>Bheith páirteach i bhFóram Foghlaimoirí Náisiúnta Breisoideachais agus Oiliúna agus tacú leis</p>	<p>R1</p> <p>R1-4</p>
<p>e. Oibreimid lenár gcomhghleacaithe san Aontas Eorpach agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile chun tionchar a imirt ar bheartas cáilíochta agus cáilíochtaí na hEorpa agus chun bonn a chur lenár gcuid oibre anseo in Éirinn</p>	<p>Óstálfaimid cruinniú bliantúil chúig thír (Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag, Tuaisceart Éireann, Éire) ar chúrsaí cáilíochtaí</p> <p>Críochnóimid tionscadail aitheantais a fhaigheann cistiú ó Erasmus faoin Líonra Eorpach d'Ionaid Faisnéise-Ionaid Faisnéise Náisiúnta um Aitheantas Acadúil (ENIC/NARIC)</p> <p>Páirt a ghlacadh i gcruinniú leantach Phiarghrúpa Téamach -- Bologna ar Communiqué Pháras um Choinbhinsiún Aitheantais Liospóin</p> <p>Bheith páirteach i nGrúpa Comhairleacha an EQF, Grúpa Oibre ESCO (Aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Gairmeacha agus Cáilíochtaí) agus leibhéal tagartha domhanda UNESCO</p> <p>Plean gníomhaíochtaí comhphárteach Europass/Pointe Náisiúnta Comhordúcháin a chur i bhfeidhm</p> <p>Cruinniú den Ghrúpa Tagartha Tionscnaimh Aontais Eorpaigh a óstáil</p>	<p>R1</p> <p>R1-4</p> <p>R4</p> <p>R4</p> <p>R1-4</p> <p>R4</p>

Tosaíocht Straitéiseach 4 Cumas inmheánach a fhorbairt, chun ár bhfeidhmiúlacht a bhuanú, a fheabhsú agus a chur in iúl	Gníomhaíocht	Críochdháta	
a.	Leanfaimid ar aghaidh ag tacú leis an bhfoireann chun feidhmeannacht solúbtha, rannpháirteach, in-oiriúnaithe agus inspreagtha a chothú	Marc KeepWell a bhaint amach ar son na heagraíochta An tuarascáil pleanála buíon oibre a chur i gcrích Córas Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta breisithe a chur i bhfeidhm	R1 R2 R1-4
b.	Déanfaimid comhaontú a cheapadh agus a lorg ar mhaithe le samhail thrédhearcac inbhuanaithe cistiúcháin, trína gcothófar muinín i gcur i gcrích ár straitéise	Córas breisithe bainistithe airgeadais a chur i bhfeidhm Anailís a dhéanamh ar an riachtanas maidir le caitheamh caipitil sa straitéis trí bliana (2019-2021) Togra ar shamhail chistiúcháin a chur isteach chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna	R2 R1-4 R2
c.	Déanfaimid tuilleadh infheistíochta inár mbonneagar agus cumas inmheánach TFC mar shlí chun táirgiúlacht na heagraíochta a fheabhsú agus leibhéal seirbhíse dár gcliaint uile a bhreisiú.	Straitéis TFC bunaithe ar ghnó a fhoilsiú Córas agus acmhainn bainistithe tionscadail QQI a athbhreithniú Feidhm bhreisithe TFC a chur i bhfeidhm Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an gcairt do chustaiméirí agus ar an bplean gníomhaíochta tar éis dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha Áireamhán táillí a lainseáil mar chuid den bhailíochtú ar líne le haghaidh clár ardoideachais Athbhreithniú ar tháillí tar éis reachtaíochta	R2 R4 R1-4 R3 R2 Tús feidhme na reachtaíochta (+ 6 mhí) agus toiliú an Aire
d.	Léireoidimid dea-chleachtas maidir le rialachas feidhmiúil agus corparáideacha na heagraíochta ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus cloífeáir le hoibleagáidí ábhartha reachtacha agus rialála.	Timthriall iniúchta comhlíontachta rialachais a chur i bhfeidhm Athbhreithniú a dhéanamh ar chóras bainistithe riosca an QQI agus é a thagarmharcáil le samhlacha dea-chleachtais san earnáil poiblí (i) Comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí a athbhreithniú (ii) agus na hathruithe agus na breisithe riachtanacha a chur i bhfeidhm Riachtanais agus gníomhartha comhlíontachta a athbhreithniú faoin Dualgas Earnála Poiblí Lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh a chur i dtoll a chéile ar son QQI Feidhm agus cur chuige neartaithe agus breisithe soláthair a chur i bhfeidhm i QQI	R1-4 R4 R2 R3-4 R3 R4 R1-4 R1-4

26/27 Lána Denzille
Baile Átha Cliath 2
D02 P266
Éire

t +353 1 905 8100

t @QQI_connect

www.QQI.ie